Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**14450/24**
**ADD 1**

**ELARG 131**
**COEST 554**
**CODEC 1931**
**CADREFIN 148**
**FIN 899**
**ECOFIN 1137**
**BUDGET 60**
**POLGEN 131**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 470 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún<br>maidir le Plean Fáis na Moldóive |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 470 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 470 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.10.2024
COM(2024) 470 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún**

**maidir le Plean Fáis na Moldóive**

# IARSCRÍBHINN

## Bearta lena dtacaítear le comhtháthú na Moldóive i margadh aonair na hEorpa (Colún 2)

### 1. Saorghluaiseacht earraí agus comhtháthú i slabhraí soláthair

(1) Comhaontú maidir le measúnú comhréireachta agus glactha de tháirgí tionsclaíocha (ACAA) a thabhairt i gcrích chun an margadh aonair a scaoileadh le haghaidh earraí a mhonaraítear sa Mholdóiv tar éis ailíniú le *acquis* ábhartha an Aontais.

(2) Iniúchadh a dhéanamh ar réitigh chun acmhainneacht agus neamhspleáchas a bonneagair ardcháilíochta a neartú (lena n-áirítear tástáil saotharlainne agus faireachas margaidh) chomh maith le faisnéis maidir le rochtain ar mhargadh an Aontais agus deiseanna a chur chun cinn.

(3) Ballraíocht iomlán chomhlacht náisiúnta na Moldóive um chaighdeánú sna trí Eagraíocht Eorpacha oifigiúla um Chaighdeánú, CEN, CENELEC agus ETSI a chur chun cinn.

### 2. Naisc trádála dlisteanaí agus iompair a éascú chomh maith le slándáil fheabhsaithe an tslabhra soláthair

Ó bhí mí na Bealtaine 2022 ann, chuidigh na Lánaí Dlúthpháirtíochta le feabhas a chur ar na naisc iompair idir an tAontas agus an Úcráin agus an Mholdóiv, lenar cuireadh borradh faoin trádáil de bhóthar, d’iarnród agus d’uiscebhealaí intíre. Ina theannta sin, oibríonn an Mholdóiv agus an tAontas i ndlúthchomhar le chéile i réimse an custaim, go háirithe trí chláir maidir le hAitheantas Frithpháirteach d’Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe (AEO). Ba cheart don Mholdóiv aontú don Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach in 2025 agus a hoibreoirí a spreagadh chun leas iomlán a bhaint as an nós imeachta idirthurais chun an próiseas trasnaithe teorainneacha a éascú. Déanfar iniúchadh ar thuilleadh céimeanna, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(4) Sainchúnamh a sholáthar tríd an gClár Custam chun próisis custam a shimpliú agus a dhigitiú, arb é is aidhm dóibh tacú le gníomhaíocht dhlisteanach ghnó chomh maith leis an mbealach a ullmhú le haghaidh idir-inoibritheachta le timpeallacht chustam leictreonach an Aontais.

(5) Rochtain bhreise a chur ar fáil ar an gCóras um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES).

(6) Deiseanna nua infheistíochta a chur ar fáil chun pointí tosaíochta trasnaithe teorainneacha an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (TEN-T) a fhorbairt, chomh maith le córais iarnróid na Moldóive i gcóras an Aontais a áirithiú, rud a chuireann le hinfheistíochtaí atá ar siúl cheana agus arna dtacú leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE).

(7) Ag moladh síneadh a chur leis an gComhaontú maidir le hIompar de Bhóthar tar éis mhí na Nollag 2025 agus tacú le hailíniú na reachtaíochta maidir le hiompar de bhóthar.

(8) Comhar leis an gComhphobal Iompair a threisiú, lena n-áirítear trí thacaíocht fheabhsaithe agus tríd an Moldóiv a chomhtháthú i dtáirgí insoláthartha an Chonartha um an gComhphobal Iompair, go háirithe pleananna gníomhaíochta, agus tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le hailíniú *acquis* agus forbairt TEN-T.

3. **Comhtháthú i margadh fuinnimh an Aontais agus dícharbónú**

Ar bhonn Threochlár Comhpháirteach Chomhphobal Fuinnimh na Moldóive-an Choimisiúin Eorpaigh, soláthrófar tacaíocht do na nithe seo a leanas:

(9) Reachtaíocht atá ailínithe leis an Aontas agus athchóirithe gaolmhara ar an margadh fuinnimh a fhorbairt.

(10) Infheistíochtaí is gá chun margaí fuinnimh iomaíocha agus inbhuanaithe a fhorbairt, lena réiteofar an bealach dá gcomhtháthú le margadh inmheánach an Aontais.

(11) Bearta atá le hullmhú maidir le praghsáil carbóin a chur chun feidhme.

**4. Comhtháthú sa Mhargadh Aonair Digiteach**

San earnáil dhigiteach, déanfaidh na bearta an méid seo a leanas:

(12) Trasuí agus cur chun feidhme éifeachtach an *acquis* fánaíochta agus teileachumarsáide a éascú, chun comhtháthú a dhéanamh i limistéar 'fánaíocht ar tháillí baile' an Aontais.

(13) Tacú le rannpháirtíocht na Moldóive i bhforbairt agus i gcur chun feidhme Thiachóg na Céannachta Digití ón Aontas a bheidh ann amach anseo agus an reachtaíocht náisiúnta a ailíniú le creat an Aontais um Chéannacht Dhigiteach chomh maith leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta le haghaidh seirbhísí poiblí ar líne agus malartú trasteorann.

(14) Tacú le forbairt agus cur chun feidhme fhorálacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Ghnímh um Margaí Digiteacha (lena n-áirítear cúnamh breise chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha) agus iniúchadh a dhéanamh ar shásraí comhair féideartha idir údaráis fhorfheidhmithe an Aontais agus na Moldóive.

(15) Bonneagar digiteach, slándáil agus geilleagar na Moldóive a neartú a thuilleadh; tacaíocht do líonra leathanbhanda a rolladh amach agus do ghlacadh scileanna digiteacha i gceantair thuaithe.

(16) Cibear-athléimneacht earnálacha criticiúla a neartú sa Mholdóiv, go háirithe trí ailíniú leis an Dara Treoir NIS agus le Bosca Uirlisí Cibearshlándála 5G an Aontais; an acmhainneacht riaracháin ábhartha a mhéadú go mór, agus an bealach a réiteach, b'fhéidir, do rochtain na Moldóive ar Chúltaca Cibearshlándála an Aontais faoin nGníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht.

(17) Cur chun feidhme na bprionsabal agus na rialacha dá bhforáiltear sa straitéis Eorpach maidir le sonraí a neartú, amhail an Gníomh um Rialachas Sonraí, an Gníomh um Shonraí, an Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le tacair Sonraí Ardluacha.

**5. Rochtain ar an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA):**

Má laghdaítear costas na n-íocaíochtaí trasteorann, cuirfear borradh faoin tráchtáil trasteorann. Tá reachtaíocht náisiúnta á cur i bhfeidhm ag an Moldóiv a éilíonn an Chomhairle Eorpach um Íocaíochtaí le haghaidh rannpháirtíochta in SEPA.

Leis an gcúnamh ón Aontas, tacófar leis an Moldóiv ailíniú le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

**6. Réimsí féideartha eile**

(18) Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt maidir le slándáil soláthair táirgí íocshláinte criticiúla trí Rochtain ar an gComhaontas um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla.

(19) Seirbhísí a bhaineann le ríomhthráchtáil a fhorbairt, lena n-áirítear seirbhísí seachadta beartán, seirbhísí turasóireachta agus gníomhaíochtaí eile, ag tógáil ar threochlár Chomhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa (CEFTA) a formhuiníodh in 2020.[1]

(20) Comhar i réimse na scileanna agus aitheantas do cháilíochtaí, lena n-áirítear cáilíochtaí gairmiúla[2].

(21) Iniúchadh a dhéanamh ar rannpháirtíocht i roinnt gníomhaíochtaí de chuid Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (Líonra na SPFanna) agus ar chomhar leis an Líonra lena neartaítear acmhainneacht sheirbhísí poiblí fostaíochta na Moldóive.

(22) Tuilleadh tacaíochta do thagairt Chreat Náisiúnta na Moldóive um Cháilíochtaí don Chreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF), lena n-éascaítear trédhearcacht scileanna agus cáilíochtaí, lena n-áirítear trí obair Ghrúpa Comhairleach EQF agus tacaíocht do Lárionad Náisiúnta Comhordaithe EQF nuabhunaithe na Moldóive.

(23) Comhar maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint a chothú, go háirithe trí thuilleadh rannpháirtíochta eagraíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha i dtaca le printíseachtaí agus foghlaim obairbhunaithe a chur chun cinn faoi chuimsiú an Chomhaontais Eorpaigh do Phrintíseachtaí.

(24) Rannpháirtíocht ghníomhach eintitis na Moldóive sa tsraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+).

(25) Dul isteach na Moldóive a éascú i gcláir, ionstraimí, grúpaí saineolaithe agus saoráidí ábhartha nua an Aontais chomh maith lena rannpháirtíocht i dtionscnaimh an Aontais atá ann cheana.

---

[1] 'Ríomhthráchtáil: *Roadmap for dialogue on regulatory issues* [Treochlár le haghaidh idirphlé ar shaincheisteanna rialála], CEFTA, féach Roadmap-for- regulatory-dialogue-on-electronic-commerce.pdf (cefta.int)

[2] Moladh AE 2023/7700 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2023 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí náisiúnach tríú tír